C/2023/421

23.11.2023

P9_TA(2023)0073

# Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá: modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2023 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (11723/2022 – C9-0007/2023 – 2022/0231(NLE))**

**(Toiliú)**

(C/2023/421)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11723/2022),

— ag féachaint don chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV AE mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (11724/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4) agus pointe (a) (v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0007/2023),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0042/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.